Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9920/22**

**POLCOM 45**
**WTO 109**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Ábhar: | An dara tacar de chonclúidí ón gComhairle ag deireadh an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an dara tacar de Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, a ghlac an Chomhairle iad trí nós imeachta i scríbhinn an 17 Meitheamh 2022.

**An dara tacar de chonclúidí ón gComhairle ag deireadh an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála**

1. Chuir an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin méid is déanaí a tharla ag an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála. D'aontaigh an Chomhairle leis an measúnú dearfach ón gCoimisiúin maidir leis an bpacáiste foriomlán a baineadh amach.

2. Go háirithe, ba dhíol sásaimh don Chomhairle na torthaí maidir le fóirdheontais iascaigh; trádáil agus sláinte agus bearta a bhaineann le maoin intleachtúil, trádáil agus slándáil bia, athchóiriú EDT agus an moratóir ríomhthráchtála.

3. Formheasann an Chomhairle na dréachtdearbhuithe agus na dréachtráitis maidir leis na nithe seo a leanas:

   a. An Dearbhú Aireachta maidir le freagairt EDT ar phaindéim COVID-19 agus ar an ullmhacht do phaindéimí a bheidh ann amach anseo (WT/MIN(22)/W/13)

   b. An Dearbhú Aireachta maidir leis an bhfreagairt éigeandála ar neamhshlándáil bia (WT/MIN(22)/W/17/Rev.1)

4. Formheasann an Chomhairle an dréachtdoiciméad toraidh i bhfoirm Dearbhú Aireachta (WT/MIN(22)/W/16/Rev.1).